
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# An fáth ar cheart duit aeráil cheart a bheith i do theach



Cabhróidh an treoirleabhar seo leat tuiscint níos fearr a fháil ar an aeráil i do theach. Níl sé ag teacht in ionad treoracha an déantóra, treoracha ar cheart duit a leanúint i gcónaí. Tugann sé míniú ar aeráil, cad ar cheart duit a bheith ar an eolas faoi más úinéir tí tú nó más ar cíos atá an teach agat agus má tá sé i gceist agat tabhairt faoi athchóirithe.



## Cén chúis atá le haeráil?

Is éard atá i gceist i gcás na haerála ná malartú a dhéanamh ar:

- **aer stálaithe agus taisleach ó laistigh den fhoirgneamh le**
- **haer úr glan.**

## Cén tábhacht atá le haeráil?

Feabhsaíonn aeráil mhaith caighdeán an aeir laistigh agus cruthaíonn sé tithe sláintiúla. Is féidir le taisleach, truailleáin dhíobhálacha agus víris ar nós COVID bheith sáinnithe i bhfoirgnimh, agus cabhraíonn an aeráil iad a bhaint.

Cabhraíonn aeráil mhaith do theach a choimeád tirim agus cabhraíonn sé le sláinte a chosaint.

### Laghdaíonn sé comhdhlúthú agus caonach ag fas i do theach

Trí na gnáthghníomhaíochtaí tí ar nós cith a thógáil, ag cócaireacht agus fiú amháin ag análú, tá an-chuid taisligh á chruthú againn, a théann isteach san aer laistigh dár dtithe. Nuair a sháinnítear aer tais i bhfoirgneamh, is féidir leis athrú go comhdhlúthú - braonta uisce a thagann ar fhuinneoga agus ar bhallaí - go háirithe i rith an gheimhridh agus dromhchlaí ar nós ballaí fuar.

Faigheann an teach tais de bharr an chomhdhlúthaithe agus cabhraíonn sé leis an gcaonach fás. Is féidir leis seo damáiste a dhéanamh do do theach, agus is féidir leat féin agus do theaghlach a bheith breoite le tinnis ar nós casachtaí, slaghdáin agus tinnis eile, dá bharr.

Má tá aeráil mhaith i do theach, baintear an taisleach sin agus laghdaíonn sé sin riosca an chomhdhlúthaithe.



Ní bhainfear taisleach iomarcach ó do theach má tá aeráil uireasach sa teach. Is féidir leis seo a bheith ina údar comhdhlúthaithe agus fás caonaigh atá díobhálach duit agus do do theaghlach.

### Coimeádann sé an t-aer i do theach glan

Glanann aeráil mhaith an t-aer i do theach. Is féidir le gníomhaíochtaí a dhéanann tú agus táirgí a úsáideann tú gach lá i do theach aerthruailliú a chruthú. Is féidir leis an truailliú sin díobháil a dhéanamh duit agus do do theaghlach. Is féidir leis na rudaí seo a leanas a bheith ina n-údair aerthruaillithe:

- **ag cócaireacht,**
- **seomraí fliucha,**
- **earraí glantacháin,**
- **péint agus vearnaisí, agus**
- **troscáin agus fearais fabraice...**

# 1 Táim ag ceannach nó ag tógáil tí nua. Cad ba chóir dom a bheith ar an eolas faoi?



## Má tá teach nuathógtha agat, ba cheart duit na cáipéisí seo a leanas a bheith agat:

- ✓ Teastas Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh (RFF).
- ✓ Treoirleabhar úsáideora do chóras aerála nó eolas eile maidir leis an gcóras a úsáid.
- ✓ Teastas Thástáil Teinne Aeir a léiríonn go gcomhlíonann do theach nua na ceanglais teinne aeir a leagtar amach i gCuid L de na Rialacháin Tógála.
- ✓ Teastas Bailíochtú Aerála a léiríonn go gcomhlíonann do theach nua na ceanglais a leagtar amach i gCuid F de na Rialacháin Tógála.

## Cinéalacha córais aerála éagsúla

### Tá dhá phríomhchinéal córas aerála ann le roinnt leagan: Aeráil nádúrtha agus Aeráil mheicniúil.

- Is éard atá in **Aeráil Nádúrtha** ná an próiseas ina dtiomáineann fórsaí nádúrtha na gaoithe agus difríocht sa teocht aershreabh úr tríd an teach trí bhearnaí i mballaí agus fuinneoga. Is éard atá ann ná fuinneoga ar féidir a oscailt, gaothráin silín ar fhuinneoga, gaothairí sna ballaí, díonléasacha ar féidir a oscailt, srl.



- Cuimsíonn córais **Aerála Mheicniúil** gaothráin agus córais rialaithe chun próiseas an aerála a spreagadh. Ar an gcaoi sin, is féidir leo aeráil a sholáthar, is cuma má tá fórsaí nádúrtha oiriúnach nó an bhfuil teacht orthu. Eastóscann córais Aerála Asbhainte Mheicniúil drochaer ón gcistin agus ó sheomraí fliucha agus scaoileann siad isteach aer maith i seomraí suí agus seomraí leapa. Socraíonn córais Aerála Asbhainte Mheicniúil Éileamh-Rialaithe (DCV) ráta na haerála bunaithe ar an éileamh atá ar gach seomra. Ceadaíonn córais Aerála Mheicniúil le hAisghabháil Teasa (MVHR) aisghabháil teasa ón drochaer asbhainte chun do theach a théamh.



In áit chónaithe atá an-aerdhíonach, níor cheart Aeráil Nádúrtha a úsáid.



Ba cheart do gach áit chónaithe nua in Éirinn córas aerála a bheith acu a dearadh ag duine inniúil agus a dearbhaíodh ag duine atá deimhnithe ag tríú páirtí neamhspleách chun an obair seo a dhéanamh - mar shampla, Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB), an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) - lena chinntiú go gcuirtear na rátaí deartha d'aershreabhadh aerála i gcrích.

## Painéal rialaithe don aeráil

I dteach nuathógtha, ba cheart duit painéal rialaithe a bheith agat a ligeann duit do chóras aerála a rialú agus a chuireann eolas ar fáil duit faoi conas mar atá sé ag feidhmiú.

Ba cheart don phainéal sin a bheith infheicthe agus ba cheart go mbeadh rochtain air go héasca. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh sé i do chistin. Níor cheart dó a bheith i bhfollach san áiléar nó os cionn na síleála.

**Ba cheart go gcuirfeadh treoirleabhar úsáideora do chóras aerála tú ar an eolas maidir le:**

- Cáipéisí maidir le ráthaíocht, coimisiúnú agus bailíochtú an chórais aerála atá suiteáilte i do theach,
- Conas mar a fheidhmíonn sé agus aeráil leordhóthanach á chur ar fáil do do theach,
- Conas ar chóir dó feidhmiú agus cén fáth nár cheart é a mhúchadh,
- Conas é a choimeád ag feidhmiú go héifeachtúil agus go héifeachtach:
  - Conas ar cheart na comharthaí rialaithe a úsáid, agus
  - Conas agus cathain ar cheart an córas a ghlanadh agus a chothabháil.




Úsáid comharthaí rialaithe do chóras aerála le seiceáil go bhfuil an córas ag feidhmiú i gceart.

2

# Tá teach ar cíos agam. Cad ba chóir dom a bheith ar an eolas faoi?

**Má tá teach ar cíos agat, tá freagrachtaí maidir le haeráil an tí roinnte idir tú féin is do thiarna talún.**

## Freagrachtaí atá ar do thiarna talún

Nuair a bhogann tú isteach, ba cheart go gcuirfeadh do thiarna talún nó a g(h)níomhaire iad seo ar fáil duit:

- ✓ Eolas ar conas an córas aerála a úsáid agus conas é a chothabháil

De réir dlí, tá dualgas ar do thiarna talún a chinntiú go bhfuil aeráil mhaith agus atá ag feidhmiú i gceart i do theach.

D'fhéadfadh go ndéanfaí do theach a iniúchadh freisin chun a chinntiú go gcomhlíonann d'áit chónaithe Íoschaighdeáin Cíosa, lena n-áirítear aeráil. Táthar ag súil go gceadóidh do thiarna talún na hiniúchtaí sin.

**Tá an t-iniúchadh sin tábhachtach - tá an aeráil ar cheann den chúig cheist is mó go dtagann iniúchóirí orthu.**

## Na freagrachtaí atá ort maidir leis an teach atá ar cíos agat

Tá dualgas ort, mar thionónta a chinntiú go bhfuil cúram á dhéanamh agat den aeráil i do teach. Is é an fáth atá leis sin ná go bhfuil freagracht ort cúram a dhéanamh den teach atá ar cíos agat. Cabhróidh sé freisin tú a choimeád compordach agus sláintiúil.

**Le cúram a dhéanamh de d'aeráil:**

- ✓ coimeád na gaothairí aeir glan agus ná bíodh aon bhac orthu,
- ✓ bain feidhm as an aeráil asbhainte mheicniúil i seomraí folctha agus cistineanacha,
- ✓ oscail na fuinneoga i rith an lae,
- ✓ cinntigh go bhfuil do theach téite, agus
- ✓ triomaigh éadaí lasmuigh (ní i do theach) nó i dtriomadóir éadaí.

# 3 Táim ag tabhairt faoi athchóiriú mo thí. Cad ba chóir dom a bheith ar an eolas faoi?

**Nuair atá do theach á athchóiriú agat, tá sé tábhachtach go bhfeabhsaíonn na hathruithe cúrsaí sa teach. B'fhéidir go ndéanfadh roinnt beartas éifeachtúlachta fuinnimh, amhail insliú, bearnaí agus scoilteanna a bhlocáil a bhí ag scaoileadh isteach aer úr agus ag baint aer stálaithe nó truaillithe amach as do theach.**

**Cabhróidh na noda seo leat na roghanna cearta a dhéanamh maidir le haeráil.**

- ✓ Féach ar na caighdeáin atá leagtha síos ag an NSAI. Maidir le haeráil, lorg an cháipéis NSAI S.R. 54:2014&A2:2022. Cabhróidh sé sin leat na rialacháin tógála maidir le haeráil a chomhlíonadh.
- ✓ Suiteáil fuinneoga le **gaothairí silín** nó cuir **aerálaithe sa chúlra** ar bhallaí seachtracha.




  - Is gaothairí beaga iad gaothairí silín ag barr fuinneoga a scaoileann isteach aer úr.
  - Is bearnaí i mballa a bhíonn in aerálaithe sa chúlra go minic agus bíonn clúdach aerála laistigh agus lasmuigh.
- ✓ Is baol é comhdhlúthú i nduchtobair do sholáthar an aeir úir ghlain i do theach. Ba cheart go mbeadh draenacha comhdhlútháin suiteáilte agus insliú ar phíopaí ag aonaid ghaothrán asbhainte meicniúla agus iad ag dul trí spásanna neamhthéite ar nós áiléar.
- ✓ Nuair atá gaothairí balla á ndéanamh, cinntigh go bhfuil an tomhas ceart acu agus go bhfuil clúdach duchtála acu agus nach poll sa bhalla gan clúdach ar aon tomhas iad.
- ✓ Má dhéanann tú athchóiriú ar níos mó ná 25% den imchlúdach foirgnimh agus má shuiteálann tú córas aerála meicniúil, bíodh an córas dearbhaithe agat. Is éard a chiallaíonn sé sin ná go dtiocfaidh duine proifisiúnta chuig do theach le seiceáil go bhfuil aershreabhadh ceart ag do chóras aerála agus go gcomhlíonann do chóras Cuid F de na Rialacháin Tógála. Tá leathanach gréasáin ag an NSAI de bhailíochtóirí aerála cláraithe.
- ✓ Má tá tú ag suiteáil córas aerála meicniúil, téigh i dteagmháil le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) maidir leis na deontais atá ar fáil mar chuid dá seirbhís Ilfhreastála.
- ✓ Má tá teach níos sine agat, b'fhéidir nach mbeidh sé indéanta i gcónaí córas aerála a aisfheistiú agus ba cheart duit comhairle ghairmiúil a lorg.

# 4 Noda ar mhaithe le teach dea-aeráilte a choimeád

- Fág gaothairí silín agus gaothairí falla oscailte i gcónaí agus gan bac ag cuirtíní ná troscán orthu, fiú amháin sa gheimhreadh. Bainifidh tú feidhm as beagáinín níos mó fuinnimh le do theach a théamh ach beidh aer úr agat le breoiteachtaí a chosc.

- Nuair is féidir, fág doirse idir seomraí oscailte ionas go sreabhann aer eatarthu . Ba cheart go mbeadh bearna 10 mm faoi dhoirse chun aershreabhadh idir seomraí a éascú nuair atá doirse dúnta. Má tá doirse dóiteáin i do theach, níor cheart duit iad a fhágáil ar oscailt.



- Seiceáil agus glan aon ghaothaire balla nó gaothráin asbhainte i seomraí folctha agus cistinineacha. Is smaoineamh maith é iad a ghlanadh gach 6 mhí ar a laghad.



Is féidir le scagairí na ngaothairí balla a bheith an-salach le cisil de smúit agus taisleach. Glan scagairí na ngaothairí balla le folúsghlantóir agus i gcomhréir le treoracha an déantóra.



Is féidir le scagairí na gcóras aerála meicniúla a bheith an-salach le cisil de smúit agus taisleach. Aistrigh nó glan scagairí an chórais aerála mheicniúil go rialta i gcomhréir le treoracha an déantóra.

## Noda ar mhaithe le teach dea-aeráilte a choimeád

- Má tá córas aerála meicniúil ar fud an tí ar fad, **seiceáil treoracha an déantóra** faoi conas athsholáthar a dhéanamh ar scagairí. De ghnáth, ba cheart tabhairt faoin athsholáthar uair amháin i ndiaidh na bliana - ach lean treoracha an déantóra.

- Cruthaíonn cócaireacht sa bhaile taisleach agus truailleáin díobhálacha. Ba cheart cochall cócaireáin a úsáid i rith cócaireachta agus ba cheart go ndéanadh sé an t-aer a asbhaint go haer seachtrach agus níor cheart don sean-aer sin a bheith ag athshruthú sa teach.



Agus tú ag cócaireacht, úsáid cochall cócaireáin i gcónaí chun an taisleach agus na substaintí díobhálacha so-ghalaithe a bhaint.

- Is gné tábhachtach í an aeráil chun riosca de thras-seoladh víris aeriompartha, ar nós COVID, a laghdú. Tá comhairle foilsithe ag an Roinn Sláinte maidir le ról na haerála i laghdú tras-seoladh COVID sa bhaile. Áirítear na nodanna seo a leanas sa chomhairle sin:

  - Déan seomraí a aeráil go rialta agus coimeád fuinneoga oscailte chomh leathan is ar féidir glacadh leis, ach ar a laghad coimeád oscailte go pointe áirithe iad i gcónaí agus tú sa teach.
  - Cinntigh go bhfuil na gaothairí balla agus na gaothairí silín fuinneoige oscailte agus nach bhfuil bac orhtu.
  - In áiteanna a bhfuil gaothráin seomra folctha agus cistine, coimeád ag rith i gcónaí iad.



Coimeád fuinneoga oscailte chomh leathan is ar féidir glacadh leis, ach ar a laghad coimeád oscailte go pointe áirithe iad i gcónaí agus tú sa teach. Is cabhair mhór é sin i laghdú tras-seoladh COVID sa bhaile.

- Tá monatóirí Caighdeáin Aeir Laistigh ar fáil i do shiopaí DFÉ áitiúla. Má fhaigheann tú monatóir Caighdeáin Aeir Laistigh amháin is féidir leis cabhair a thabhairt duit aeráil mhaith a rialú, súil a choimeád air agus a léiriú i do theach.

Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt ar **www.gov.ie/aeráiltí**

**Bileog arna táirgeadh ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta**